**LEABHRÁN FAISNÉISE**

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig an bpost

mar

**Ceannaire Foirne Comhshaoil**

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe:**

**Dé hAoine, an 25 Meán Fómhair 2026 ag 3:00 i.n.**

**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN COIMISIÚN PLEANÁLA**

**Meán Fómhair 2026**

**TEIDEAL AN PHOIST**: Ceannaire Foirne Comhshaoil

**CINEÁL AN PHOIST:** Post buan lánaimseartha

**SUÍOMH:** 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902

## 1.0 Cúlra

Is é An Coimisiún Pleanála comhlacht pleanála náisiúnta na hÉireann atá freagrach as cinntí neamhspleácha, tráthúla, gar-bhreithiúnacha a dhéanamh maidir le hachomhairc a eascraíonn as cinntí údarás pleanála agus maidir le hiarratais dhíreacha a bhaineann le tionscadail bhonneagair straitéisigh. Táimid freagrach freisin as cinneadh a dhéanamh maidir le tograí ó údaráis áitiúla i ndáil le talamh a fháil go héigeantach, mar aon le réimse feidhmeanna eile a bhaineann leis an bpleanáil.

Feidhmíonn An Coimisiún Pleanála faoi reachtaíocht chasta náisiúnta agus AE maidir le pleanáil agus bunaíodh go foirmiúil é an 18 Meitheamh 2025 faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024. An Bord Pleanála a bhí ar an eagraíocht roimhe seo, eagraíocht a bunaíodh in 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976.

Éilíonn na héilimh oibríochtúla níos fairsinge agus níos mó atá ar an gCoimisiún Pleanála cur chuige eagraíochtúil úr agus níos dírithe chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha ar fud an Choimisiúin agus chun a chur ar a chumas a shainordú agus ionchais an phobail a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh sonraí faoi ról agus obair an Choimisiúin Pleanála ar fáil ag www.pleanala.ie

### Struchtúr Foirne agus Caidrimh Tuairiscithe

Tá 310 fostaí ag An Coimisiún Pleanála faoi láthair, lena n-áirítear 13 Choimisinéir Pleanála. Tá cairt eagraíochtúil san áireamh ag deireadh an leabhráin seo **(Aguisín 1).**

Tá Oibríochtaí Pleanála eagraithe ina dhá réimse: (a) gnáth-achomhairc phleanála agus cineálacha eile achomharc/cásanna agus (b) iarratais dhíreacha, lena n-áirítear cásanna bonneagair straitéisigh agus feidhmeanna nua faoi reachtaíocht maidir le

cúrsaí mara, dramhaíl agus bóithre, etc., agus Stiúrthóir Pleanála i gceannas ar gach rannóg.

Agus é ag tuairisciú do na Stiúrthóirí Pleanála, beidh an Ceannaire Foirne Comhshaoil ina bhall d'fhoireann ardbhainistíochta na nOibríochtaí Pleanála.

Is ról nuabhunaithe é ról an Cheannaire Foirne Comhshaoil agus beidh an t-iarrthóir rathúil ina bhall den fhoireann ardbhainistíochta agus freagrach as foireann chomhshaoil ilchineálach d'Éiceolaithe, d'Eolaithe Comhshaoil agus de Shaineolaithe Innealtóireachta a stiúradh. Cuireann an fhoireann sin saineolas agus comhairle speisialaithe ar fáil chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach don phobal a chinntiú, agus aird á tabhairt ar an straitéis eagraíochtúil agus ar na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin agus sa phlean gnó reatha. Beidh sé freagrach freisin as tionscnaimh oiliúna a eagrú, as eolas a chomhroinnt agus as an dul chun cinn is déanaí ina réimse saineolais a chur in iúl, chomh maith leis an gcigireacht a threorú agus meantóireacht a dhéanamh uirthi.

Beidh idirghníomhú leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an bPríomhoifigeach, leis na Coimisinéirí Pleanála, leis an ardbhainistíocht, leis an gcigireacht, le hOibríochtaí Pleanála agus le baill foirne ar fud na heagraíochta i gceist leis an ról san obair laethúil nó mar chuid de choistí/grúpaí oibre. Cothóidh an Ceannaire Foirne Comhshaoil caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha freisin, lena n-áirítear comhlachtaí forordaithe agus ranna/údaráis áitiúla ábhartha.

Tá obair chumaisc ar fáil don fhoireann sa ról seo, faoi réir riachtanais oibríochtúla an Choimisiúin.

## Comhthéacs Reatha na hEagraíochta

Leanann an Coimisiún Pleanála dá sheasamh mar bhreithneoir neamhspleách ar chúrsaí pleanála agus forbartha inbhuanaithe in Éirinn a chosaint. Cuimsítear an méid seo a leanas sa chomhthéacs dúshlánach eagraíochtúil:

- Timpeallacht rialála pleanála atá ag éirí níos casta, ina leagtar béim ar chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear cosaint gnáthóg agus bithéagsúlachta.

- Cur chun feidhme Threoir RED III agus na hamlínte agus na ceanglais ghaolmhara maidir le rannpháirtíocht mhionsonraithe réamhiarratais agus scóipeáil an Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta.
- Cur chun feidhme an athchóirithe chuimsithigh ar an reachtaíocht phleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus, go háirithe, tabhairt isteach amlíne éigeantach.
- Cur chun feidhme fhorálacha an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 chun déileáil leis an réimse iarratas ar fhorbairtí suntasacha bonneagair mhuirí a shonraítear san Acht, mar aon leis na forbairtí atá beartaithe faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaineann leis an muirthimpeallacht agus leis an earnáil fuinnimh in-athnuaite.
- Cinntí a dhéanamh maidir le forbairtí bonneagair straitéisigh a bhaineann le fuinneamh, iompar, dramhaíl, gás, draenáil artaireach agus saoráidí eile a bhfuiltear ag súil leo sna blianta atá le teacht.
- Achomhairc maidir le Forbairtí Cónaithe ar Mhórscála (LRD) a eascraíonn as an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Cónaithe ar Mhórscála), 2021.
- Cur chun feidhme leanúnach thionscadal an chórais nua bainistíochta cásanna, lena gcuirfear córas saincheaptha bainistíochta cásanna ar fáil don eagraíocht.
- Cur chun feidhme an chláir oibre um chlaochlú digiteach, lena gceanglaítear córais dhigiteacha agus ar líne a sholáthar don phobal.
- Riachtanais phráinneacha maidir le tionscnaimh athraithe agus athchóirithe chun torthaí feabhsaithe a bhaint amach ar fud na hearnála poiblí.
- Oiriúnú do na dúshláin a bhaineann le timpeallacht nua oibre cumaisc agus aghaidh a thabhairt orthu.
- Feabhsú leanúnach feidhmíochta maidir le riachtanais oibríochtúla an Choimisiúin Pleanála.

## 2.0 Príomhdhualgais

Áireofar an méid seo a leanas ar na freagrachtaí, ach ní bheidh siad teoranta dó:

**Oibriúcháin**

- Foireann an chomhshaoil a stiúradh agus a bhainistiú agus freagracht agus cuntasacht a ghlacadh as cáilíocht obair na foirne agus as a cuid torthaí a bhaint amach.
- Tacaíocht theicniúil saineolach/comhairle ghairmiúil a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta, cúrsaí ginearálta comhshaoil agus saincheisteanna beartais/forbartha agus saincheisteanna gaolmhara a mbíonn tionchar acu ar oibríochtaí.
- Tacaíocht theicniúil chomhshaoil, comhairle ghairmiúil agus anailís shaineolach a chur ar fáil don chigireacht agus do na Coimisinéirí Pleanála maidir le cineálacha sonracha cásanna agus saincheisteanna, go háirithe an bhithéagsúlacht, an éaneolaíocht, cúrsaí comhshaoil agus/nó mara, Measúnú Tionchair Timpeallachta, Measúnacht Chuí, Measúnú Tionchair Éiceolaíochta agus an Chreat-Treoir Uisce.
- Freagracht fhoriomlán a ghlacadh as ualach oibre fhoireann an chomhshaoil a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar eisiúint na dtuarascálacha uile, agus aird á tabhairt ar na hamlínte éigeantacha agus idirchaidreamh á dhéanamh leis na Stiúrthóirí Pleanála maidir le beartú tosaíochtaí agus bainistiú sreabhadh oibre.
- A chinntiú go bhfuil saineolas ar fáil chun déileáil le gach céim d’obair chasta tosaíochta ar chásanna, lena n-áirítear cuidiú leis an gcigireacht a aithint cathain is gá cúnamh a fháil ónár bpainéil sheachtracha de shainchomhairleoirí

agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don chigire agus an saineolas sin á lorg aige.

- Coinneáil ar an eolas faoi dhea-chleachtas agus faoi fhorbairtí nua san eolaíocht chomhshaoil, sa bhithéagsúlacht, i measúnú tionchair éiceolaíochta/comhshaoil agus i Measúnacht Chuí, mar aon le beartais agus reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear breithiúnais ó Chúirteanna na hEorpa agus na hÉireann, agus an t-eolas sin a scaipeadh ar fud na heagraíochta.
- A chinntiú go bhfuil baill foirne agus Coimisinéirí Pleanála cothrom le dáta maidir le forbairtí i gcúrsaí comhshaoil, lena n-áirítear reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE;
- Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chur chun cinn agus cuspóirí foriomlána na heagraíochta á mbaint amach;
- Cur le cur chun feidhme an phlean straitéisigh.
- Na dualgais a shanntar dó a chomhlíonadh, agus aird á tabhairt ar luachanna agus ar fhís an Choimisiúin Pleanála.
- Cur le forbairt agus cur chun feidhme tionscadal tosaíochta, feidhmeanna nua agus tionscnamh athraithe.
- Monatóireacht agus anailís leanúnach a dhéanamh ar ualaí oibre agus ar spriocanna gaolmhara chun dul i ngleic go réamhghníomhach le fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn nó chun iad a réamh-mheas, lena n-áirítear saincheisteanna maidir le sreabhadh oibre a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chuspóirí na heagraíochta agus ar rátaí comhlíontachta i leith na n-amlínte éigeantacha.
- Dualgais bhreise a ghlacadh air féin de réir mar a shannfaidh na Stiúrthóirí Pleanála agus/nó an Príomhoifigeach dó iad.

**Bainistíocht**

- Foireann de ghairmithe comhshaoil a fhorbairt, a chumhachtú agus a mheantóireacht chun an fhoireann comhshaoil a spreagadh agus a

rannpháirtíocht a chothú, ionas go mbainfidh sí barr a cumais amach agus í ag cur le spriocanna agus cuspóirí foriomlána an Choimisiúin Pleanála;

- A bheith freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na foirne agus as aiseolas, cóitseáil agus deiseanna forbartha leanúnacha a chur ar fáil de réir mar is gá, i gcomhréir leis an scéim um Bainistiú Feidhmíochta trí Fhorbairt agus Tacaíocht (PMDS);
- Obair foirne a fhorbairt agus a uasmhéadú trí struchtúir thacaíochta agus cumarsáid fheabhsaithe laistigh dá rannóg, cruinnithe rialta foirne a reáchtáil, treoir, faisnéis agus oiliúint chuí a chur ar fáil agus cuidiú le ceardlanna oiliúna agus tionscnaimh foghlama eile a fhorbairt agus a sholáthar;
- A bheith freagrúil agus ar fáil chun ábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó lá go lá a phlé agus déileáil leo agus a bheith ábalta saincheisteanna a réiteach go héifeachtach;
- Meantóireacht, tacaíocht agus treoir a thabhairt do bhaill foirne agus do chigirí sa Choimisiún maidir le saincheisteanna teicniúla agus comhshaoil, lena n-áirítear MTT, MC, CTFU agus bithéagsúlacht, agus sárchaighdeáin eolais agus dea-chleachtais á leagan síos i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa;
- Beartais uile an Choimisiúin Pleanála a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, go háirithe an Chairt um Dhínit san Ionad Oibre;
- A bheith ar fáil gach lá chun dul i gcomhairle leis na Stiúrthóirí Pleanála, le haon Stiúrthóirí agus Stiúrthóirí Cúnta eile, le Cigirí Pleanála, le Coimisinéirí Pleanála agus leis an bhfoireann riaracháin.
- Dualgais bhreise a ghlacadh air féin de réir mar a shannfar dó iad.

**Feabhsú Leanúnach na hEagraíochta**

- Páirt a ghlacadh, de réir mar is gá, i ngrúpaí/coistí a bhunaítear i gcomhair an iliomad feidhmeanna comhairliúcháin a chomhlíonann an fhoireann, e.g. coistí na Rannóige Oibríochtaí Pleanála, coistí na cigireachta, grúpaí oibre, cruinnithe míosúla na cigireachta, etc.

- Taighde/anailísí a dhéanamh de réir mar is gá, ina aonar nó mar bhall d'fhoireann agus faoi stiúir na Stiúrthóirí Pleanála. D'fhéadfadh meantóireacht a dhéanamh ar thionscadail taighde mac léinn a bheith i gceist leis sin.
- Oibriú leis an bhfoireann Foghlama agus Forbartha agus cur le tionscnaimh inmheánacha FGL/oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus a chinntiú go bhfuil dóthain scileanna agus saineolais ar fáil ar fud Oibríochtaí Pleanála.
- Páirt a ghlacadh i bpleanáil comharbais maidir le tacair scileanna agus cáilíochtaí.
- Cláir staidéir a leagan amach don fhoireann chun scileanna, saineolas agus acmhainn a fhorbairt trí réimse níos leithne deiseanna foghlama agus forbartha, d'fhonn feidhmíocht a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn.

## 3.0 Cáilíochtaí agus Taithí

### Riachtanais Riachtanacha

**Ní mór d'iarrthóirí, Dé hAoine an 25 Meán Fómhair 2026 nó roimhe sin:**

I. Céim Onóracha (leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a comhionann) a bheith acu i gceann amháin de na réimsí seo a leanas:*
   - Zó-eolaíocht
   - Luibheolaíocht
   - Éiceolaíocht/Éaneolaíocht
   - Éiceolaíocht Mhuirí
   - Eolaíocht Mhuirí
   - Eolaíocht Chomhshaoil
   - Cáilíocht choibhéiseach eile

   **Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas de na cáilíochtaí a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don phost.*

II. A bheith ina gcomhaltaí den chomhlacht gairmiúil a bhaineann lena réimse cáilíochtaí agus/nó saineolais, nó a bheith incháilithe do bhallraíocht sa chomhlacht sin.

III. Taithí shásúil seacht mbliana ar a laghad a bheith acu, ón uair a cháiligh siad, i bpost ardbhainistíochta/ceannaireachta.

IV. Eolas a bheith acu ar an bpleanáil, ar a nádúr, ar a cuspóir agus ar a háit sa bheartas poiblí in Éirinn agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

## Taithí Riachtanach

- Ardleibhéal taithí bainistíochta agus na tréithe ceannaireachta is gá a bheith acu chun foireann a stiúradh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach a thacaíonn le cuspóirí an Choimisiúin Pleanála a bhaint amach.
- Taithí a bheith acu ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar an reachtaíocht ábhartha pleanála agus chomhshaoil, lena n-áirítear gnéithe Eorpacha agus idirnáisiúnta.
- Taithí a bheith acu ar dhéileáil le tionscadail shuntasacha bhonneagair, mar shampla tionscadail iompair, bonneagair fuinnimh, uisce agus dramhaíola, chomh maith le forbairtí tithíochta agus cairéalachta.
- Cumas soiléir a léiriú ionchuir speisialtóirí a chomhordú agus tionscadail bhonneagair ar mhórscála á measúnú.
- Saineolas agus taithí a bheith acu ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar an reachtaíocht ábhartha, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, lena n-áirítear eolas agus taithí ar bheartas na hÉireann, nó ar bheartas comhchosúil Eorpach, de réir mar a bhaineann sé le MTT, MC agus/nó CTFU.

## Riachtanais inmhianaithe nach bhfuil riachtanach

- Taithí roimhe seo ar mhaoirseacht a dhéanamh ar fhoireann ildisciplíneach laistigh d’eagraíocht agus/nó cáilíocht ábhartha bainistíochta, oiliúint ábhartha nó a gcomhionann.

- Tuiscint ar ról na teicneolaíochta amach anseo maidir le feidhmíocht na heagraíochta a fheabhsú agus ar na tairbhí a eascróidh as sin.
- Cáilíocht nó cáilíochtaí breise sa réimse nó sna réimsí seo a leanas:
    - Bainistíocht
    - Pleanáil

## 4.0 Sonraíocht an Duine

Ba cheart don iarrthóir idéalach:

- Scileanna láidre idirphearsanta a bheith aige agus a bheith ábalta cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an ardbhainistíocht, le custaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus le comhghleacaithe;
- Ceannaireacht láidir agus tionscnamh a léiriú;
- A bheith iontaofa, solúbtha agus inoiriúnaithe don athrú;
- A bheith réamhghníomhach maidir lena fhorbairt féin agus maidir lena eolas agus a thaithí féin a fheabhsú go leanúnach;
- A bheith muiníneach agus féinfheasach;
- Scileanna maithe anailíse agus anailíse fadhbanna a bheith aige;
- Eolas agus taithí shuntasach ar réimse leathan ábhar comhshaoil agus ar an gcreat reachtaíochta comhshaoil a léiriú;
- A bheith féinspreagtha agus cumas cruthaithe aige rudaí a chur i gcrích agus sprioc-amanna a chomhlíonadh;
- Tá taithí ar phríomhthionscadail agus príomhsheirbhísí a sholáthar inmhianaithe.

## 5.0 Príomhinniúlachtaí maidir le Feidhmíocht Éifeachtach (Aguisín 2)

- Ceannaireacht agus Treoir Straitéiseach
- Anailís agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

- Spreagadh agus Tiomantas
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

## 6.0 Próiseas Roghnúcháin

Áireofar an méid seo a leanas sa phróiseas roghnúcháin:

- iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratais.
- agallamh iomaíoch.
- Féadfar iarrthóirí a ghearrliostú tuilleadh tar éis an agallaimh agus cuireadh a thabhairt dóibh chuig an dara babhta, ina bhféadfadh cur i láthair a bheith san áireamh.

De ghnáth, bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon a theastaíonn chun poist reatha agus poist amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, más amhlaidh go bhfuil an líon iarratasóirí ar phost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, cuirfear próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm. Bunófar an próiseas sin ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais agus ar riachtanais riachtanacha agus inmhianaithe an phoist, chun grúpa iarrthóirí a roghnú don chéad chéim eile den phróiseas ar cosúil gurb iad is oiriúnaí don phost. Dá bhrí sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíonann do chuid scileanna, tréithe pearsanta, cáilíochtaí agus taithí riachtanais riachtanacha agus inmhianaithe an phoist.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh nó agallamh, agus is ar a gcostas féin a bheidh sé sin.  Ní féidir dáta nó dátaí ná am nó amanna na dtrialacha agus/nó na n-agallamh a leithdháiltear a athrú. **Ní bheidh aon éileamh ar bhreithniú breise ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó agallaimh, etc., nuair a iarrtar orthu déanamh amhlaidh, agus measfar go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar.**

Féadfar aon iarrthóir a thugann faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina iarratas a dhícháiliú nó a fhostaíocht a fhoirceannadh. Déanfaimid ár ndícheall iarrthóirí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn a n-iarratais a luaithe is féidir.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad de bharr canbhásála agus go n-eisiafar ón bpróiseas iad.**

## 7.0 An Próiseas Iarratais

Ní mór an Fhoirm Iarratais do phost an Cheannaire Foirne Comhshaoil a chomhlánú ina hiomláine agus a chur isteach i gceart chuig an seoladh ríomhphoist sonraithe. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach go mícheart, mar sin tabhair aird ar leith ar an bhfaisnéis seo a leanas:

**Ní mór an fhoirm iarratais a bheith ina doiciméad Word ineagarthóireachta nó i bhformáid PDF. Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, sábháil an doiciméad mar seo a leanas:**
**"Ceannaire Foirne Comhshaoil – d'ainm.docx".**

**Nuair a bheidh sí comhlánaithe agat, beidh ort í a cheangal le ríomhphost chun í a chur isteach.**

**An fhoirm a chur isteach:**
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, ní mór duit í a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas: recruitment@pleanala.ie

Ní ghlacfar sa phróiseas comórtais ach le hiarratais atá comhlánaithe ina n-iomláine san fhormáid chuí agus curtha isteach ar líne. Má bhíonn deacracht agat an fhoirm iarratais a chomhlánú nó rochtain a fháil uirthi, seol ríomhphost chuig recruitment@pleanala.ie

Seolfaimid admháil go bhfuarthas gach iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de 3 lá oibre ón uair a chuireann tú d'iarratas isteach, seol ríomhphost chuig aisling.mcgann@pleanala.ie, le do thoil

**Ná cuir Curriculum Vitae isteach le d'iarratas mar nach mbreithneofar é.**

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:**

## Dé hAoine, an 25 Meán Fómhair 2026 ag 3:00 i.n.

### Tabhair faoi deara, le do thoil

Déanaimid ár ndícheall an oiread fógra agus is féidir a thabhairt maidir le dátaí agallaimh srl. Meastar, áfach, go mbeidh na hagallaimh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna.  Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go mbeidh siad ar fáil thart ar an tréimhse sin.

### Gearrliostú

Má chuirtear próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm, scrúdófar agus measúnófar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i d'iarratas de réir critéir atá bunaithe ar riachtanais an phoist**.**

Féadfar painéal a chur le chéile óna bhféadfar ceapacháin shealadacha nó bhuana a dhéanamh amach anseo.

### Moltóirí

Smaoinigh, le do thoil, ar ainmneacha daoine a mheasann tú a bheadh oiriúnach mar mholtóirí agus a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt nó triúr). Ba cheart d'fhostóir reatha a bheith ar dhuine de na moltóirí. Bí cinnte nach mbaileoimid sonraí na moltóirí agus nach rachaimid i dteagmháil leo ach amháin má tá tú á bhreithniú tar éis chéim an agallaimh.

## 8.0 Na Bunchoinníollacha Seirbhíse

### 1. Ginearálta

Is chuig post bunaithe sa tseirbhís phoiblí a dhéanfar an cheapachán. Beidh tréimhse phromhaidh bliana i bhfeidhm ó dháta na ceapacháin. Le linn na tréimhse promhaidh, déanfaidh an Stiúrthóir Pleanála athbhreithniú ar fheidhmíocht an té a cheapfar chun a chinneadh an méid seo a leanas ina leith:

(i) gur chomhlíon sé a chuid dualgas ar bhealach sásúil i gcomhréir le hinniúlachtaí an róil,
(ii) go raibh a iompar ginearálta sásúil, agus
(iii) go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh na sláinte de, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an tréimhse phromhaidh, déanfar cinneadh maidir leis an té a cheapfar a choinneáil sa phost nó gan é a choinneáil ann. Bunófar an cinneadh sin ar mheasúnú ar fheidhmíocht an té a cheapfar de réir na gcritéar a leagtar amach i míreanna (i) go (iii) thuas. Míneofar sonraí an phróisis phromhaidh don té a cheapfar agus tabharfar cóip de threoirlínte an Choimisiúin Pleanála maidir le promhadh dó.

### 2. Tuarastal

Tá an tuarastal don phost seo leagtha amach thíos **(gan an liúntas san áireamh).** Is é **€11,914** an liúntas reatha (le héifeacht ón **1 Meitheamh 2026**).

**Pá – scála PPC (i gcás oifigigh a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin).**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **€87,510** | **€90,260** | **€93,015** | **€95,761** |
| **€98,508** | **€101,776 (uasmhéid)** | **€105,493[1] (Incrimint Fadseirbhíse 1)** | **€109,216[2] (Incrimint Fadseirbhíse 2)** |

*Incrimint Fadseirbhíse 1 (LSI 1) tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.*
*Incrimint Fadseirbhíse 2 (LSI 2) tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.*

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfar an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.** Féadfar incrimintí a dhámhachtain gach bliain faoi réir feidhmíocht shásúil.

**Nóta Tábhachtach:**

D'fhéadfadh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh cheana féin é an té a cheapfar díreach roimh an gceapachán.

Déanfar íocaíocht coicísiúil i riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh sonraí bainc curtha ar fáil.

## 3. Seilbh an Phoist

Is post buan inphinsin é seo. Féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis an bhfostaíocht tráth ar bith trí fhógra scríofa trí mhí ar a laghad a thabhairt, nó trí cibé tréimhse fógra is faide a cheanglaítear faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005, a thabhairt. I gcás mí-iompair, féadfar deireadh a chur leis an bhfostaíocht tráth ar bith gan fógra ná íocaíocht in ionad fógra. In aon chás eile, ní mór don Choimisiún cúiseanna sonraithe a thabhairt le haon fhoirceannadh fostaíochta.

## 4. Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost agus a d'fhéadfaí a shannadh dó ó am go ham a chomhlíonadh.

## 5. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 i bhfeidhm ar an gceapachán

seo, nuair is cuí.

## 6. Uaireanta Tinrimh

Socrófar na huaireanta tinrimh ó am go ham, ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad san iomlán sa tseachtain – 35 uair an chloig gan sosanna lóin san áireamh. Ceanglófar ar shealbhóir an phoist seachtain cúig lá a oibriú. Is iad na gnáthuaireanta tinrimh ná 9:15 r.n. go 5:30 i.n., ó Luan go hAoine. Mar sin féin, i gcás ina mbeidh tinreamh breise ag teastáil chun dualgais nó cúraimí ainmnithe a chomhlíonadh, ní bheidh ragobair ná luach saothair breise iníoctha. Tá obair chumaisc ar fáil don fhoireann, faoi réir riachtanais an róil agus na rannóige dá sanntar iad.

## 7. Saoire Bhliantúil

Is é **30** lá sa bhliain an liúntas saoire bliantúla. Tá an liúntas sin, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear na gnáthlaethanta saoire poiblí ann.

## 8. Sláinte

Ní mór d'iarrthóir ar an bpost, agus d'aon duine atá i seilbh an phoist, a bheith láninniúil agus ábalta na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh agus a bheith i riocht sláinte a léireodh go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh sé ábalta seirbhís rialta éifeachtúil a thabhairt. Beidh orthu siúd atá á mbreithniú le haghaidh poist dearbhú sláinte agus carachtar a chomhlánú.

## 9. Neamhláithreacht de bharr breoiteachta

Íocfar pá ar bhonn pro rata le linn neamhláithreacht bhreoiteachta atá deimhnithe go cuí, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar mhíchumas buan chun seirbhíse, i gcomhréir le forálacha Bheartas Bainistíochta Neamhláithreachta an Choimisiúin Pleanála agus leis na ciorcláin ábhartha maidir le saoire bhreoiteachta, arna leasú ó am go ham.

Ceanglófar ar cheapachánaithe a bheidh ag íoc ÁSPC ar Ráta Aicme A sainordú a shíniú lena n-údaraítear don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an gCoimisiún Pleanála. Beidh íocaíocht tuarastail le linn breoiteachta faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le saoire bhreoiteachta sa státseirbhís agus/nó sa tseirbhís phoiblí i

gcoitinne, agus ar choinníoll go ndéanfaidh an ceapachánaí na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## 10. Sannadh/Suíomh

Beidh an t-iarrthóir rathúil lonnaithe in oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902. Nuair a bheidh sé de cheangal ar an té a cheapfar taisteal ar ghnó oifigiúil, íocfar na costais taistil agus na liúntais chothaithe chuí leis, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse.

## 11. Aoisliúntas

Tairgfear don iarrthóir rathúil na téarmaí agus coinníollacha pinsin cuí a bheidh i bhfeidhm sa Choimisiún Pleanála tráth a thairgfear ceapachán dó. Go ginearálta, agus cé is moite d'iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí, nach raibh faoi réir théarmaí na Scéime Aonair, sna 26 seachtaine roimh an gceapachán (féach an nóta tábhachtach thíos), ciallaíonn sé sin go dtairgfear ceapachán dóibh ar bhonn ballraíochta i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair"). Cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoin scéim a mbeidh feidhm aici maidir leo tráth a thairgfear ceapachán dóibh.

Tháinig an Scéim Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Ón dáta sin ar aghaidh, beidh státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí nua ina gcomhaltaí den Scéim Aonair, lena soláthrófar pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime. Beidh aois íosta pinsin na scéime nasctha le haois an Phinsin Stáit. Beidh ar fhormhór na gcomhaltaí dul ar scor nuair a shroichfidh siad 70 bliain d'aois. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí, féach: http://www.per.gov.ie/pensions.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh chun críocha pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain sin, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha

Eile), 2012, i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapachánaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)**
Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB), i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus ní ghearrtar an ranníocaíocht sin ach ar ioncam inphinsin.

**Nóta Tábhachtach**
Léirítear thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar na téarmaí agus na coinníollacha sin amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Cinnfidh An Coimisiún Pleanála, i bhfianaise stair fostaíochta an cheapachánaí, an "iontrálaí nua" é nó nach ea. Ceanglófar ar cheapachánaithe a stair iomlán fostaíochta sa tseirbhís phoiblí a nochtadh.

**Dearbhú**
Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu ar shochar pinsin seirbhíse poiblí atá á íoc a dhearbhú.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an scéim pinsin d'Fhostaithe Bunaithe Stáit, féach an suíomh gréasáin seo a leanas:**
**http://www.cspensions.gov.ie**

## 12. Rúndacht agus Caighdeáin Iompair

Ceanglaítear ar Cheannaire Foirne Comhshaoil forálacha Ailt 573 agus 575 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), a chomhlíonadh. Baineann na forálacha sin le faisnéis rúnda a nochtadh agus le toirmeasc ar chumarsáid áirithe maidir le haon ábhar atá le breithniú nó le cinneadh ag an gCoimisiún nó ag aon cheann dá choistí nó dá ghrúpaí comhairliúcháin. Comhaontóidh an ceapachánaí gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

## 13. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995

Beidh an ceapaí faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## 14. Cód Iompair – gníomhaíocht pholaitiúil

I gcomhréir le Cód Iompair an Choimisiúin, ní mór d'fhostaí dearbhú a thabhairt don Rúnaí maidir lena bhallraíocht nó lena ballraíocht in aon pháirtí polaitíochta.

## 15. Ceanglais Foirne

Ceanglaítear ar gach fostaí Cód Iompair an Choimisiúin agus gach beartas agus nós imeachta eile atá i bhfeidhm, nó a d'fhéadfadh an Coimisiún a leagan síos nó a leasú ó am go ham, a chomhlíonadh.

## 16. Fostaíocht Lasmuigh

Is post lánaimseartha é seo agus ní fhéadfaidh an té a cheapfar dul i mbun cleachtas príobháideach ná baint a bheith aige le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a dhualgais oifigiúla ar aon bhealach, a chuireann isteach ar a fheidhmíocht nó a chuireann a ionracas i mbaol.

## 17. Incháilitheacht Iomaíochta

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul san iomaíocht oscailte do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Tá an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

## 18. Scéim Dreasaithe um Luathscor (SDL)

Is coinníoll den Scéim Dreasaithe um Luathscor (SDL), mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, é go bhfuil cosc ar dhaoine a chuaigh ar scor faoin scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh lucht scoir den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

## 19. Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (SLD) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (SID). Is coinníoll den scéim SLD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí, sa tseirbhís phoiblí níos leithne ná i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead

poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin SID, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna sin incháilithe chun cur isteach ar an gcomórtas seo.

## 20. Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu ar shochar pinsin seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) de bharr aon fhostaíochta eile sa tseirbhís phoiblí a dhearbhú, agus/nó a dhearbhú an bhfuair siad íocaíocht in ionad sochair i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

## 21. Ráiteas Príobháideachais RGCS – An Próiseas Earcaíochta

**An cuspóir atá le faisnéis phearsanta a phróiseáil**

Reáchtálann an Coimisiún Pleanála próiseas earcaíochta atá bunaithe ar inniúlachtaí chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Chun an próiseas sin a chur i gcrích, iarrtar ar dhaoine a bhfuil spéis acu sa phost foirm iarratais a chur isteach lena measúnú ag painéal agallaimh. I gcás an iarrthóra rathúil, beidh cuid den fhaisnéis phearsanta a sholáthrófar mar bhonn leis an gconradh fostaíochta (m.sh. ainm agus seoladh) agus leis an gcomhad pearsanra.

**Bunús dlí le faisnéis phearsanta a phróiseáil**

- Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó chun conradh den sórt sin a dhéanamh.
- Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh (na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994–2014).

**Faighteoirí**

Gheobhaidh na páirtithe seo do chuid faisnéise pearsanta ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos:

| Faighteoir | Cúis |
|---|---|
| Acmhainní Daonna | Iarratais a stóráil, admháil a thabhairt ar fhreagraí agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. |
| Painéal Agallaimh | Gheobhaidh an painéal agallaimh d'iarratas chun iarratasóirí a ghearrliostú agus a mheasúnú. |
| Moltóirí | Iarrfar ar iarrthóirí rathúla sonraí moltóirí a thabhairt, ar féidir dul i dteagmháil leo chun taifid fostaíochta a dheimhniú agus chun trácht a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra don phost a ndearna sé/sí iarratas air. Déanfar teagmháil leo chun foirm a chomhlánú agus beidh sé riachtanach ainm agus seoladh an iarratasóra a thabhairt dóibh chun an teistiméireacht a fháil. |
| Príomhoifigeach Míochaine (POM) | Féadfaimid do shonraí pearsanta a úsáid chun tú a atreorú chuig an POM má tharraingítear aird ar aon saincheisteanna i d'Fhoirm Féinmheasúnaithe Sláinte. I gcás atreoraithe, seolfar cóip den fhoirm dhearbhaithe chuig an POM freisin. |

**Sonraí faoi aistrithe sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach**

Ní phróiseáiltear aon sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Cinnteoireacht uathoibrithe**

Ní bhaineann sé seo leis an bpróiseas seo.

**Tréimhse choinneála sonraí pearsanta**

Coinneofar iarratais iarrthóirí nár éirigh leo ar feadh 12 mhí. Cuirfear iarratas an iarrthóra rathúil sa chomhad pearsanra lena mbaineann agus coinneofar é ar feadh na tréimhse fostaíochta agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin.

**Do chearta RGCS i ndáil leis an bpróiseas seo**

| Ceart | Míniú |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh tú rochtain ar an bhfaisnéis a iarrtar sa phróiseas a iarraidh agus a fháil tráth ar bith. |
| Inaistritheacht | Féadfaidh tú cóip de na sonraí sin a iarraidh agus a fháil tráth ar bith i bhformáid leictreonach/inaistrithe. |
| Scriosadh | Féadfaidh tú a iarraidh go scriosfaí na sonraí atá á gcoimeád. Tá an tréimhse choinneála a bhfuiltear ag súil léi leagtha amach againn thuas. |
| Ceartú | Féadfaidh tú a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis mhícheart, bíodh sí as dáta nó mícheart ar chúis eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh feidhm fós ag na spriocdhátaí d'iarratais agus, dá bhrí sin, nach féidir aon fhaisnéis, seachas sonraí teagmhála, a athrú tar éis an dáta deiridh le haghaidh iarratas. |
| Agóid | Féadfaidh tú agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na faisnéise seo agus a iarraidh go mbainfí d'iarratas den phróiseas. |
| Gearán | Féadfaidh tú gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí inmheánach (tá na sonraí teagmhála leagtha amach thíos) agus/nó leis an údarás maoirseachta ábhartha – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. |

**Sonraí Teagmhála**

**Ainm:** Oifigeach Cosanta Sonraí

**Ríomhphost:** dataprotection@pleanala.ie

## Aguisín 1 – Cairt eagraíochtúil reatha an Choimisiúin Pleanála



## AGUISÍN 2: INNIÚLACHTAÍ

| Ceannaireacht  agus Treoir Straitéiseach |
|---|
| • Cuireann sé go gníomhach le forbairt straitéisí agus bheartais an Choimisiúin Pleanála.<br>• Díríonn sé go tréan ar ardleibhéil feidhmíochta a bhaint amach agus a chothú agus tugann sé aghaidh ar aon saincheisteanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn.<br>• Stiúrann sé an fhoireann agus uasmhéadaíonn sé rannchuidiú na foirne ina hiomláine.<br>• Sainíonn sé cuspóirí agus spriocanna go soiléir agus tarmligeann sé go héifeachtach, agus úinéireacht agus freagracht as cúraimí á spreagadh aige.<br>• Forbraíonn sé cumas daoine eile trí aiseolas agus cóitseáil a chur ar fáil agus trí dheiseanna a chruthú chun scileanna a fhorbairt.<br>• Aithníonn agus tapaíonn sé deiseanna chun leas a bhaint as bealaí nua nuálacha chun seirbhísí a sholáthar.<br>• Cuireann sé meas agus dínit san ionad oibre chun cinn agus, más gá, déanann sé idirghabháil ghníomhach lena chinntiú go dtuigtear go hiomlán an cur chuige sin sa rannóg/rannán/eagraíocht. |
| **Anailís agus Cinnteoireacht** |
| • Déanann sé taighde críochnúil ar shaincheisteanna agus téann sé i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis uile is gá maidir le saincheist a bhailiú.<br>• Tuigeann sé saincheisteanna casta go tapa agus glacann sé sonraí chuige féin agus déanann sé meastóireacht orthu go cruinn.<br>• Comhtháthaíonn sé snáitheanna éagsúla faisnéise agus aithníonn sé idirghaolta agus naisc.<br>• Déanann sé cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe ar shaincheisteanna tábhachtacha.<br>• Breithníonn sé impleachtaí níos leithne na gcinntí ar raon geallsealbhóirí.<br>• Glacann sé seasamh daingean maidir le saincheisteanna a mheasann sé a bheith tábhachtach. |
| **Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach** |
| • Glacann sé/sí freagracht as tascanna dúshlánacha agus seachadann sé in am agus ar ardchaighdeán.<br>• Déanann sé an obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta de réir tábhachta, amscálaí agus srianta eile acmhainní, agus athraíonn sé na tosaíochtaí i bhfianaise cúinsí athraitheacha.<br>• Cinntíonn sé go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin agus éifeachtach do chustaiméirí lárnach d’obair na rannóige.<br>• Scrúdaíonn sé saincheisteanna go criticiúil féachaint conas is féidir rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr. |

- Cinntíonn sé go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtúla ardluacha a sholáthar.
- Bainistíonn sé iliomad tionscadal go héifeachtach.

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Cuireann sé faisnéis i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach.
- Spreagann sé plé oscailte cuiditheach maidir le saincheisteanna oibre.
- Cuireann sé obair foirne chun cinn laistigh den rannóg, ach oibríonn sé go héifeachtach freisin ar thionscadail ar fud na heagraíochta.
- Coinníonn sé a stuaim agus a fhéinrialú agus é ag obair chun dul i bhfeidhm ar dhaoine eile.
- Cothaíonn sé béim láidir ar sheirbhís do chustaiméirí ina réimse féin.
- Forbraíonn agus cothaíonn sé líonra teagmhálaithe chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú.
- Téann sé i mbun plé go héifeachtach le réimse páirtithe leasmhara.

**Spreagadh agus Tiomantas**

- Tá sé féinspreagtha agus léiríonn sé fonn feidhmiú go leanúnach ar ardleibhéal.
- Tá sé ionraic agus iontaofa agus is féidir brath air.
- Cinntíonn sé go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil.
- Trí threorú trí shampla, cothaíonn sé na caighdeáin eitice agus ionracais is airde.

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Forbraíonn sé scileanna agus saineolas i roinnt réimsí a bhaineann leis an bpleanáil agus leis an gcomhshaol agus coinníonn sé na scileanna agus an saineolas sin ar bun.
- Coinníonn sé ar an eolas faoi fhorbairtí i gcúrsaí pleanála agus comhshaoil, lena n-áirítear reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE.
- Coinníonn sé béim láidir ar an bhféinfhorbairt agus lorgaíonn sé aiseolas agus deiseanna fáis.